2025/2191

29.10.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/2191 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a mhéid a bhaineann le bearta caomhnaithe in Dogger Bank agus i roinnt limistéar in Kattegat

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cumhachtaítear na Ballstáit le bearta caomhnaithe iascaigh a ghlacadh ina n-uiscí, ar bearta iad is gá chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga') ([2]), faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le hÉin') ([3]) agus faoi Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí') ([4]).

(2) Le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú le haghaidh limistéir chaomhantais speisialta, bearta a fhreagraíonn do riachtanais éiceolaíocha na gcineálacha gnáthóige nádúrtha sin agus na speiceas sin atá faoi chosaint sna láithreáin sin. Ina theannta sin, ceanglaítear leis ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun meathlú na ngnáthóg nádúrtha agus na ngnáthóg speiceas a sheachaint, chomh maith le suaitheadh mór na speiceas ar ainmníodh na limistéir ina leith.

(3) Le hAirteagal 4 den Treoir maidir le hÉin ceanglaítear ar na Ballstáit bearta caomhnaithe speisialta a bhunú maidir le gnáthóg na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi. Ceanglaítear ar na Ballstáit bearta caomhnaithe comhchosúla a dhéanamh freisin maidir le speicis imirceacha a thagann go tráthrialta agus nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, tá na Ballstáit le cláir beart a ghlacadh chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta um chosaint spásúil a chuireann le líonraí limistéar muirí faoi chosaint atá comhleanúnach agus ionadaíoch, agus lena gcumhdófar go leordhóthanach éagsúlacht na gcomh-éiceachóras, amhail limistéir chaomhantais speisialta de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga, limistéir faoi chosaint speisialta de bhun na Trorach maidir le hÉin agus limistéir mhuirí faoi chosaint arna gcomhaontú ag an Aontas nó ag na Ballstáit lena mbaineann faoi chuimsiú comhaontuithe idirnáisiúnta nó réigiúnacha ar páirtithe iontu iad.

(5) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcás ina measann Ballstát gur gá bearta a ghlacadh chun na hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus go bhfuil leas díreach bainistíochta ag Ballstáit eile san iascach a ndéanfaidh na bearta sin difear dó, cumhachtaítear an Coimisiún le bearta den sórt sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe tar éis na Ballstáit moladh comhpháirteach a thíolacadh.

([1]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32013R1380).
([2]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).
([3]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).
([4]) Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

(6) Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún ([5]) bearta caomhnaithe chun an mhuirthimpeallacht i limistéir mhuirí áirithe faoi chosaint sa Mhuir Thuaidh a chosaint.

(7) An 19 Deireadh Fómhair 2023 chuir an Ghearmáin agus an Ísiltír (Ballstáit tionscnaimh), in éineacht leis an mBeilg, leis an Danmhairg, leis an bhFrainc agus leis an tSualainn, moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin maidir le bearta caomhnaithe i limistéir na Gearmáine agus na hÍsiltíre de Dogger Bank, sna láithreáin Natura 2000 'Doggerbank' (DE1003301) agus 'Doggersbank' (NL2008001).

(8) Moltar bearta caomhnaithe sa mholadh comhpháirteach chun oitreacha gainimh (an cineál gnáthóige H1110) a chosaint ar thionchar gléasanna soghluaiste grinnill trí thoirmeasc a chur ar thráil shoghluaiste ghrinnill agus ar shaighní i limistéir shonracha laistigh de na láithreáin Natura 2000 sin.

(9) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú ar an moladh comhpháirteach ag an seisiún iomlánach a bhí aige ón 11 go dtí an 15 Márta 2024 ([6]).

(10) Tháinig CETEI ar an gconclúid go bhféadfadh na bearta caomhnaithe atá beartaithe in Dogger Bank rannchuidiú lena áirithiú go ndéanfar na gnáthóga agus na speicis a dtugtar aghaidh orthu sa mholadh comhpháirteach a choinneáil ar bun agus a athbhunú chuig stádas caomhantais fabhrach, agus gur céim dhearfach chun cinn iad i dtreo an mhéid seo a leanas: (i) tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar ghnáthóga áirithe agus ar a bpobail éiceolaíocha a íoslaghdú, agus (ii) a áirithiú go seachnaíonn gníomhaíochtaí iascaigh díghrádú na muirthimpeallachta mar a shonraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(11) Leis an moladh comhpháirteach, leathnaítear an toirmeasc freisin chun soithí saighne i limistéir bhainistíochta na Gearmáine agus na hÍsiltíre araon a chumhdach. Chuir CETEI i dtábhacht gur gá na grúpaí trealaimh uile a chuimsiú sna bearta bainistíochta chun tionchair dhiúltacha na hiascaireachta a íoslaghdú agus chun díghrádú iascachbhunaithe na muirthimpeallachta a sheachaint.

(12) Moltar bearta rialúcháin agus forfheidhmiúcháin sa mholadh comhpháirteach freisin. Thug CETEI dá aire gur cuireadh moltaí ó CETEI roimhe sin san áireamh sa mholadh comhpháirteach agus tháinig sé ar an gconclúid go ndealraíonn sé go bhfuil na bearta rialúcháin agus forfheidhmiúcháin sin leordhóthanach chun forfheidhmiú cuí na mbeart atá beartaithe le haghaidh na gcriosanna bainistíochta a áirithiú. Tá cuid de na bearta rialúcháin atá beartaithe, áfach, ina n-oibleagáid dhlíthiúil cheana féin agus dá bhrí sin níl siad sa rialachán tarmligthe seo.

(13) Meastar fós go bhfuil stádas caomhantais an láithreáin neamhfhabhrach agus, de réir na sonraí a chuir na Ballstáit isteach, rinne gníomhaíochtaí iascaireachta comhdhéanamh na speiceas a shaobhadh i dtreo speicis níos lú agus speicis ghearrshaolacha.

(14) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go rannchuideoidh na bearta a mholtar sa mholadh comhpháirteach le tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais i láithreáin Natura 2000 in Dogger Bank a íoslaghdú.

(15) Le hAirteagal 3(3)(d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 bunaítear maolú ar an toirmeasc iascaireachta sna limistéir iascaireachta srianta Stora Middelgrund och Röde bank (SE0510186), Fladen (SE0510127), Lilla Middelgrund (SE0510126) agus Morups bank (SE0510187) i limistéar Kattegat le haghaidh eangacha geolbhaigh agus traimlí, ar choinníoll go nglacann soithí iascaireachta páirt i gclár faireacháin agus measúnaithe náisiúnta arna reáchtáil ag na húdaráis náisiúnta nó thar a gceann chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfoghabháil muc mara agus éanlaithe mara trí chianfhaireachán leictreonach a úsáid, lena n-áirítear úsáid a bhaint as ceamaraí teilifíse ciorcaid iata ar bord agus sonraí maidir le suíomh. Le hAirteagal 3(3)(d), ceanglaíodh ar an tSualainn freisin athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme muc mara agus éanlaithe mara chun measúnú deiridh a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2024.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint (IO L 19, 25.1.2017, lch. 10 ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2017/118/oj).

([6]) An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach, an 75ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-24-01), Rihan, D. agus Doerner, H. eagarthóir(í), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2760/82418, JRC137730.

(16) Bunaíodh an maolú sin tar éis do STECF measúnú a dhéanamh air ag an seisiún iomlánach a bhí aige ón 22 go dtí an 26 Márta 2021 ([7]). Cé gur cheistigh STECF oiriúnacht an mhaolaithe, thug sé dá aire go bhféadfaí é a athbhreithniú tar éis 3 bliana dá chur i bhfeidhm. Bhí an maolú sin ina chuid de mholadh comhpháirteach níos leithne a tíolacadh in 2021 ina raibh roinnt beart ar tháinig CETEI ar an gconclúid ina leith gur chéim dhearfach chun cinn ar an iomlán iad i dtreo íoslaghdú thionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar na gnáthóga lena mbaineann.

(17) An 11 Iúil 2024 chuir Ballstáit na Mara Thuaidh, agus an tSualainn mar Bhallstát tionscnaimh, moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin inar moladh deireadh a chur leis an maolú sin toisc nár tharla aon iascach faoin gclár faireacháin, agus toisc go bhfuil sonraí nua ann a léiríonn drochstádas phobal Mhuir na Beilte.

(18) Measann an Coimisiún, ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris (16) thuas, go bhfuil sé ábhartha deireadh a chur leis an maolú le haghaidh eangacha geolbhaigh agus traimlí.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a leasú dá réir.

(20) Tá an Rialachán Tarmligthe seo gan dochar don ghá atá le bearta caomhnaithe breise a theastaíonn chun na forálacha ábhartha den Treoir maidir le hEin, den Treoir maidir le Gnáthóga agus den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus do sheasamh an Choimisiúin maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi reachtaíocht ábhartha chomhshaoil an Aontais ag na Ballstáit leasmhara,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(a):

'(a) i limistéir 1(1) go 1(15), seachas na criosanna foláirimh 1(10.az), 1(11.az), 1(12.az) agus 1(13.az), faoi seach, toirmeascfar na gléasanna seo a leanas: trál grinnill (TB), trál bíoma (TBB), trál dobharchú grinnill (OTB), trál otair dúbailte (OTT), trál grinnill dhá bhád (PTB), trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath (TBN), trál séaclaí (TBS), saighean (SX), saighean Dhanmhargach (SDN), eangach shaighne Albanach (SSC), saighean dhá bhád (SPR), bád nó soitheach saighne (SV), ach amháin i gcás gníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear tráil bhíoma agus téada eiteáin dar toise mogalra idir 16 mm agus 31 mm (TBB_CRU_16-31) san iascach traidisiúnta lena ndírítear ar shéaclaí coiteanna (*Crangon spp*.) i limistéar 1(10)(b)';

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

'(b) ina theannta sin, i limistéir 1(10) go 1(15), seachas na criosanna foláirimh 1(10.az), 1(11.az), 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az), faoi seach, toirmeascfar na gléasanna seo a leanas: dreidire báid (DRB) agus dreidire meicnithe, lena n-áirítear dreidire súite (HMD)';

(c) Scriostar pointe 3(d).

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás soithí iascaireachta a bhfuil gléasanna soghluaiste grinnill ar bord acu agus nár údaraíodh le hiascaireacht a dhéanamh i limistéir 1(1) go 1(15), lena n-áirítear na criosanna foláirimh 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az), faoi seach, agus i gcás soithí iascaireachta a bhfuil eangacha geolbhaigh agus líonta fostúcháin á n-iompar ar bord acu agus nár údaraíodh le hiascaireacht a dhéanamh i limistéir 4(1) go 4(4), féadfaidh na soithí sin idirthuras a dhéanamh thar na limistéir sin ar choinníoll go bhfáiscfear agus go stuálfar na gléasanna sin le linn an idirthurais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.';

([7]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – an 66ú Tuarascáil Iomlánach (PLEN-21-01). EUR 28359 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ISBN 978-92-76-36151-0 (ar líne), doi:10.2760/437609 (ar líne), JRC124902.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Maidir leis an luas le linn idirthurais i gcás na soitheach iascaireachta uile nár údaraíodh le hiascaireacht a dhéanamh i limistéir 1(10) go 1(15), lena n-áirítear na criosanna foláirimh 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az), faoi seach, ná i limistéar 2(28) agus limistéir 4(1) go 4(3), ní bheidh sé níos lú ná 6 mhuirmhíle ach amháin i gcás *force majeure*, i gcomhréir le hAirteagal 50(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.'.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5, mír 2, pointe c:

'(c) i gcás ina bhfuil aon ghléas toirmiscthe á iompar ar bord acu agus an soitheach ag taisteal faoi bhun 6 mhuirmhíle i limistéir 1(12) agus 1(15) (Iarscríbhinn I), lena n-áirítear na criosanna foláirimh 1(12.az), 1(13.az), 1(14.az) agus 1(15.az), faoi seach. I limistéir 1(14) agus 1(15) agus sna criosanna foláirimh 1(14.az) agus 1(15.az), is féidir sonraí VMS a tharchur freisin trí GPRS (Radaisheirbhísí Ginearálta Paicéad) nó GSM (an Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach).'.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

Athbhreithniú

Ón 8 Márta 2023 déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann faireachán, measúnú agus tuairisciú ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach in Airteagail 3, 4 agus 5, gach 3 bliana i gcás bearta i réimsí 4(1) agus 4(4) (Iarscríbhinn VI) faoin Treoir maidir le hÉin, agus gach 6 bliana i gcás bearta i limistéir 1(10) go 1(13) (Iarscríbhinn I), i limistéar 2(28) (Iarscríbhinn II) agus i limistéir 4(2) agus 4(3) (Iarscríbhinn VI) faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na bearta i limistéir 1(14) agus 1(15) 6 bliana tar éis a dteacht i bhfeidhm.'.

(5) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118, cuirtear na pointí seo a leanas isteach (na comhordanáidí uile arna dtomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84):

‘**1(14):** Crios bainistíochta atá suite sa chuid theas de láithreán Natura 2000 na hÍsiltíre Dogger Bank (NL2008001).

An limistéar geografach ata crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
A01	55,219539 °	4,032589 °
A02	54,399216 °	2,793136 °
A03	54,380169 °	2,763327 °
A04	54,399905 °	2,773361 °
A05	54,566153 °	2,866138 °
A06	54,600000 °	2,900000 °
A07	54,600000 °	3,000000 °
A08	54,900000 °	3,300000 °
A09	54,900000 °	3,450000 °
A10	55,200000 °	3,750000 °
A11	55,250000 °	3,700000 °
A12	55,300000 °	3,700000 °
A13	55,350000 °	3,750000 °
A14	55,350098 °	3,900085 °

1(14.az): An crios foláirimh 4nm timpeall ar an gcrios bainistíochta atá suite sa chuid theas de láithreán Natura 2000 na hÍsiltíre Dogger Bank (NL2008001).

An limistéar geografach ata crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
AAZ01	55,398662°	3,985798°
AAZ02	55,244121°	4,142261°
AAZ03	55,223544°	4,150326°
AAZ04	55,202652°	4,146567°
AAZ05	55,183685°	4,132361°
AAZ06	54,323936°	2,831891°
AAZ07	54,312857°	2,779999°
AAZ08	54,314559°	2,733106°
AAZ09	54,326877°	2,690952°
AAZ10	54,348385°	2,660469°
AAZ11	54,374488°	2,647378°
AAZ12	54,397131°	2,651871°

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
AAZ13	54,593427°	2,760873°
AAZ14	54,648790°	2,816134°
AAZ15	54,666567°	2,869256°
AAZ16	54,666585°	2,933614°
AAZ17	54,948760°	3,215421°
AAZ18	54,966563°	3,269037°
AAZ19	54,966595°	3,382883°
AAZ20	55,200096°	3,615802°
AAZ21	55,224445°	3,591366°
AAZ22	55,241259°	3,583495°
AAZ23	55,308592°	3,583298°
AAZ24	55,325405°	3,591057°
AAZ25	55,398486°	3,663960°
AAZ26	55,416545°	3,718386°
AAZ27	55,416683°	3,931697°
AAZ28	55,398662°	3,985798°

1(15): Crios bainistíochta atá suite sa chuid Thuaidh de láithreáin Natura 2000 na Gearmáine agus na hÍsiltíre Dogger Bank (NL2008001 agus DE1003301).

An limistéar geografach atá laistigh de:

(a) líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó chomhordanáidí an phointe B01 55,810118°T 4,019211°O go domhanleithead 55,685000°T

(b) rumlíne idir trasnú na líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ag domhanleithead 55,685000°T go comhordanáidí an phointe B02 55,685000°T 4,000000 °O i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Gearmáine

(c) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Gearmáine:

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
B02	55,685000 °	4,000000 °
B03	55,650000 °	4,000000 °
B04	55,650000 °	4,100000 °
B05	55,550000 °	4,200000 °
B06	55,550000 °	4,250000 °
B07	55,450000 °	4,250000 °

(d) rumlíne ó chomhordanáidí an phointe B07 55,450000°T 4,250000°O siar feadh dhomhanleithead 55,450000°T go dtí an líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na hÍsiltíre

(e) líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na hÍsiltíre ó dhomhanleithead 55,450000°T ó thuaidh go domhanleithead 55,550000°T

(f) rumlíne idir trasnú na líne deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na hÍsiltíre ag domhanleithead 55,550000°T siar go comhordanáidí an phointe B08 55,550000°T 3,700000 °O i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hÍsiltíre

(g) rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hÍsiltíre:

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
B08	55,550000 °	3,700000 °
B09	55,500000 °	3,650000 °
B10	55,500000 °	3,500000 °
B11	55,586973 °	3,500000 °
B12	55,645090 °	3,635784 °

(h) rumlíne idir comhordanáidí an phointe B12 55,645090°T 3,635784°O i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hÍsiltíre go comhordanáidí an phointe B13 55,645643°T 3,637786°O i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Gearmáine:

(i) rumlíne idir comhordanáidí an phointe B13 55,645643°T 3,637786°O agus an phointe B01(14) 55,810118°T 4,019211°O i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Gearmáine, ionas go gcríochnóidh an crios bainistíochta arís ag an líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge.

(j) leis an líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge roinntear an crios bainistíochta i gcuid na Ísiltíre agus na Gearmáine.

1(15.az): An crios foláirimh 4nm timpeall ar an gcrios bainistíochta sa chuid thuaidh de láithreáin Natura 2000 na Gearmáine agus na hÍsiltíre Dogger Bank (NL2008001 agus DE1003301).

An limistéar geografach ata crioslaithe ag rumlínte lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
BAZ01	55,433416°	3,476653°
BAZ02	55,443556°	3,433622°
BAZ03	55,462242°	3,400651°
BAZ04	55,486706°	3,382738°
BAZ05	55,602823°	3,382392°
BAZ06	55,630758°	3,407319°
BAZ07	55,698214°	3,564762°
BAZ08	55,701245°	3,572502°
BAZ09	55,872807°	3,970108°
BAZ10	55,878430°	4,025862°
BAZ11	55,832928°	4,299922°
BAZ12	55,821027°	4,330757°
BAZ13	55,710591°	4,481739°
BAZ14	55,672619°	4,488346°
BAZ15	55,638451°	4,458485°
BAZ16	55,618418°	4,401279°
BAZ17	55,618418°	4,266729°
BAZ18	55,615659°	4,269480°

Pointe	Domhanleithead T (y)	Domhanfhad O (x)
BAZ19	55,613795°	4,289388°
BAZ20	55,602241°	4,325939°
BAZ21	55,584202°	4,352839°
BAZ22	55,562052°	4,367487°
BAZ23	55,436703°	4,367114°
BAZ24	55,412262°	4,349244°
BAZ25	55,393541°	4,316288°
BAZ26	55,383415°	4,273270°
BAZ27	55,383415°	4,054121°
BAZ28	55,390787°	4,016721°
BAZ29	55,483416°	3,810961°
BAZ30	55,483416°	3,768298°
BAZ31	55,450665°	3,735463°
BAZ32	55,433416°	3,679988°
BAZ33	55,433416°	3,476653°”